C/2026/5290

13.10.2026

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2026/5290)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

'Nuits-Saint-Georges'

PDO-FR-A0579-AM02

Dáta na teachtaireachta: 24.7.2026

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Limistéar geografach**

I gCaibidil I(IV)(1) den tsonraíocht:

— cuireadh an méid seo a leanas isteach: an frása 'ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024', ós rud é gur seiceáladh teorainneacha riaracháin an dá bhardas in aghaidh Chód Geografach Oifigiúil 2024.

Leasaíodh pointe 6 den doiciméad aonair.

— sonraíodh gur féidir breathnú ar dhoiciméid lena mapáiltear an limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. **Limistéar dáileachta talún críochaithe**

Ós rud é go ndearna an coiste náisiúnta inniúil athbhreithniú ar an limistéar dáileachta talún atá críochaithe chun físonchaora a fhás le haghaidh an ainmniúcháin ag cruinniú an 25 Meitheamh 2024, cuireadh an dáta sin in ionad dháta an fhormheasa roimhe sin atá i gCaibidil I(IV)(2)(a).

Ós rud é go ndearna an coiste náisiúnta inniúil athbhreithniú ar an limistéar dáileachta talún speisialta – laistigh de limistéar dáileacht talún a ainmniúcháin – atá críochaithe chun físonchaora a fhás le haghaidh físonta atá incháilithe chun an téarma 'premier cru' a úsáid, ag cruinniú an 25 Meitheamh 2024, cuireadh an dáta sin in ionad an dáta formheasa roimhe sin atá i gCaibidil I(IV)(2)(b).

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

3. **Limistéar díreach in aice láimhe**

I gCaibidil I(IV)(3), tugadh liosta na mbardas i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2024 mar gur athraíodh ainm roinnt bardas nó gur cumascadh iad ó formheasadh an tsonraíocht go deireanach.

Níor athraíodh teorainneacha tosaigh an limistéir atá díreach in aice láimhe.

Leasaíodh pointe 9 den doiciméad aonair.

4. **Athrú ar an gcomhlacht cigireachta**

I bhfianaise na rialacha dréachtaithe athbhreithnithe, leasaíodh Caibidil III(II) den tsonraíocht chun an t-údarás rialaithe inniúil a shonrú.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Nuits-Saint-Georges'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóir an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

• 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Fíon geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta tirime, socra iad sin.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta geala.

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag fíonta geala atá incháilithe chun an téarma 'premier cru' a úsáid.

Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13,5 % de réir toirte.

Níl neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta atá incháilithe chun an téarma 'premier cru' a úsáid níos mó ná 14 % tar éis an tsaibhrithe.

Is mar seo a leanas a bhíonn uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) sna fíonta críochnaithe atá réidh le scaoileadh lena dtomhailt:

1. 3 ghram in aghaidh an lítir;
2. nó 4 ghram in aghaidh an lítir má tá an aigéadacht iomlán níos mó ná nó cothrom le 55,10 milleachoibhéis in aghaidh an lítir, nó 4,13 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach (nó 2,7 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar H_2SO_4).

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Tá na fíonta geala cothrom agus flaithiúil, agus tá galántacht mhór mar shaintréith acu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíon dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta tirime, socra iad sin.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta dearga.

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag fíonta dearga atá incháilithe chun an téarma ‘premier cru’ a úsáid.

Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13,5 % de réir toirte.

Níl neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta atá incháilithe chun an téarma ‘premier cru’ a úsáid níos mó ná 14 % tar éis an tsaibhrithe.

Tráth an phacáistithe, is é 0,4 ghram in aghaidh an lítir uasmhéid aigéid mhalaigh na bhfíonta dearga.

2 ghram in aghaidh an lítir atá san uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) sna fíonta críochnaithe atá réidh le scaoileadh lena dtomhailt.

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Tá dath dian glé corcra ar na fíonta dearga. Agus iad óg, is iondúil go gcuireann siad siollaí silíní, sútha talún agus cuiríní dubha in iúl. De réir mar a aibíonn siad, faigheann siad maothlachas céadfach beachtaithe, cosúil leis na táirgeoirí a dhéanann iad. Is minic a chuireann leathar, strufal, fionnadh agus géim lena ndea-bholaithe.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú suas le ráta tiúchana 10 %;

— Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid;

— Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13,5 % de réir toirte;

— Níor cheart neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta atá incháilithe chun an téarma ‘premier cru’ a úsáid a bheith níos mó ná 14 % tar éis an tsaibhrithe.

Sa bhreis ar na forálacha thuas, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha uile a leantar na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais.

2. An modh saothraithe

a) Dlús plandaithe

— Is é 9 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha, agus achar uasta 1,25 méadar idir sraitheanna agus achar íosta 0,50 méadar idir plandaí sa tsraith chéanna.

— Níl sé ina cheangal na fíniúnacha a chur i sraitheanna ar choinníoll go n-urramaítear an dlús plandaithe íosta agus go bhfuil spás níos mó ná 0,50 méadar idir na plandaí.

b) Rialacha maidir le prúnáil

Tagann na fíonta ó fhíniúnacha a phrúnáiltear i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:

Forálacha ginearálta

Fíonta geala

Is iad seo a leanas na fíniúnacha:

— fíniúnacha a bhfuil prúnáil spor déanta orthu (fíniúnacha arna dtreorú le prúnáil Royat agus le prúnáil dhéthaobhach) agus 10 mbachlóg nó níos lú in aghaidh an phlanda i gceist;

— nó fíniúnacha a bhfuil prúnáil cána déanta orthu trí úsáid a bhaint as modh aonair Guyot, agus ocht mbachlóg nó níos lú in aghaidh an phlanda.

Fíonta dearga

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus ocht mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist:

— trí phrúnáil spor (fíniúnacha arna dtreorú le prúnáil Royat, prúnáil dhéthaobhach, cuachphrúnáil nó feanphrúnáil);

— nó trí phrúnáil chána agus modh Guyot aonair á úsáid.

Forálacha sonracha

Bíonn teorainn 2 bhliain leis an tréimhse chun an tródam a bhunú. Le linn na tréimhse sin, ceadaítear prúnáil dhúbailte Guyot go cúig bhachlóg ar a mhéad ar gach cána.

Féadfar an phrúnáil Guyot shingil a oiriúnú mar seo a leanas:

— trí bhíthin an dara spor lenar féidir suíomh an chána a athrú ó bhliain go chéile;

— le cána a bhearrtar go dtí trí bhachlóg ar a mhéad agus spor atá teoranta do dhá bhachlóg.

Beag beann ar an modh prúnála, féadfar na fíniúnacha a bhfuil bachlóga breise orthu a phrúnáil, ar choinníoll, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 duilleog nó do 12 dhuilleog, gur lú an líon bliantúil péacán torthúil in aghaidh an phlanda ná an líon bachlóg arna bhunú leis na rialacha maidir le prúnáil.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Uastáirgeacht i gcás fíonta geala
   64 heictilítear in aghaidh an heicteáir
2. Uastáirgeacht i gcás fíonta dearga
   58 heictilítear in aghaidh an heicteáir
3. Uastáirgeacht i gcás fíonta geala ‘premier cru’
   62 heictilítear in aghaidh an heicteáir
4. Uastáirgeacht i gcás fíonta dearga ‘premier cru’
   56 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach sainithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus déantar na fíonta a tháirgeadh, a fhorbairt agus a aosú sna bardais seo a leanas de chuid roinn Côte-d’Or, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024: Nuits-Saint-Georges agus Premeaux-Prissey.

7. **Cineál nó cineálacha fíonchaor**

Chardonnay B

Pinot Blanc B

Pinot Gris G

Pinot Noir N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

a) *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Tá an limistéar geografach suite i limistéar fíonsaothrúcháin Côte de Nuits agus is ardán é a bhfuil a thaobhanna díreach agus a shíneann thart ar 25 chiliméadar ón tuaisceart go dtí an deisceart a bheag nó a mhór. Tá an airde sin ar de bhunús teicteonach í ina deighilt idir ardchláir aolchloiche 'Hautes Côtes' ar an taobh thiar, ag airde idir 400 agus 500 méadar, agus machaire Bresse ar an taobh thoir, scoiltghleann Treasach ag airde thart ar 250 méadar, ar dronuillinn leis an 'Côte' (fána). Síneann an limistéar thar chríoch bhardais Nuits-Saint-Georges agus Premeaux-Prissey, atá suite idir cathracha Dijon, ó thuaidh, agus Beaune i roinn Côte-d'Or, sa Bhurgúin. In 'Nuits-Saint-Georges', tá grua an 'Côte' tuairim is 150 méadar ar airde, agus is sraitheanna aolchloiche Baiseocacha agus Batanacha atá ann (ón tréimhse Iúrasach Mheánach), a bhfuil a phríomhfhána comhdhéanta d'aolchloch Comblanchien atá an-dlúth. Tá ciseal de mharla Baiseocach (aolchloch chréúil) suite idir na sraitheanna aolchloiche sa chuid íochtarach den fhána, atá infheicthe sa tírdhreach mar leibhéal beag. Cuireann gleann iata isteach ar an tírdhreach a dhéanann an chúlcríoch a dhraenáil, trína sreabhann sruth ó am go chéile, an Meuzin. Ag an deireadh tá fean tuiltrí mór, atá áitithe i bpáirt ag bardas Nuits-Saint-Georges. Is minic a bhíonn foshraith aolchloiche thaobhanna na ngleannta cumhdaithe ag sraitheanna sciligh atá comhdhéanta de mheascán cré agus dúrabháin mar thoradh ar athrú na fo-ithreach agus na limistéar airde. Braitheann cineál na sraitheanna sin ar a suíomh ar an bhfána. Ar an bhfána uachtarach, tá siad an-chlochach agus tearc. Ar na bunchnoic, tá níos mó cáithníní míne sna sraitheanna agus tá siad níos dlúithe, agus bíonn siad idir níos lú ná cúig ceintiméadair go méadar amháin ó thaobh méide de. Tá foirmíocht shaintréitheach le feiceáil ar an bhfána uachtarach: sraith gairbhéil chrióclastaigh anuas ar an aolchloch chrua. Foirmíodh an gairbhéal sin le linn oighriú na Ceathartha, tá cáilíochtaí draenála den scoth aige agus tá torthúlacht íseal aige. Tá fean tuiltrí Meuzin comhdhéanta d'fhoirmíochtaí aolchloiche tuiltrí gairbhéalacha dea-dhraenáilte. Tá na dáileachtaí talún atá críochaithe le haghaidh bhuaint na bhfíonchaor suite ar ghrua an 'Côte', ar an dá thaobh de ghleann Meuzin, ina bhfuil ithreacha dromchla forbartha go leordhóthanach chun treá na bhfréamhacha agus draenáil chuí a cheadú, agus ar an gcuid uachtarach den fhean tuiltrí freisin. Tá na hithreacha lagfhorbartha agus is ithreacha carbónáite iad den chuid is mó, iad éadomhain agus dea-dhraenáilte, go háirithe sa tsubstráit aolchloiche. Déantar na hithreacha a shocrú ina dtopaisheichimh, idir drochithreacha agus ithreacha an-chailcreach ar an bhfána uachtarach, agus ithreacha créshaibhrithe níos faide síos, agus ithreacha réasúnta domhain (0,50 m) a láisteadh ar an dromchla ar na codanna bunchnoic agus ar an bhfean tuiltrí. Aeráid mhuirí fhionnuar atá ann, aeráid a gcuireann tionchair ilchríochacha agus dheisceartacha isteach uirthi agus iad ag dul trí chonairí Rhône-Saône. Is ríléir carachtar muirí an réigiúin mar gheall ar an mbáisteach rialta mheasartha, thart ar 750 milliméadar in aghaidh na bliana, agus mar gheall ar an gcaoi nach mbíonn triomaigh mhóra ann sa samhradh. Bíonn teochtaí measartha fionnuar ann agus is é 10,5 céim ceinteagrádach an meán bliantúil. Tá an 'Côte' suite ar an taobh thoir de mhasaíf Morvan agus ardchlár na Burgúine. Tá buntáiste teirmeach ag an limistéar agus ní thiteann mórán báistí ann mar gheall ar an bhfoscadh atá ann.

b) *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc*

Bardas Nuits-Saint-Georges in ionad fíonsaothrúcháin stairiúil. Cosúil lena chomharsa Beaune, tá sé suite i gcroílár fhíonghoirt 'Côte'. Is cosúil go raibh sé an-ghníomhach san fhíonsaothrú ó bhí na hArd-Mheánaoiseanna ann. Tá cáil ar chuid de 'chrus' an bhardais leis na céadta blianta. De réir Danguy agus Aubertin ina gcuid oibre in 1892, tá fíonghoirt 'Saint-Georges' ann ó bhí an bhliain 1000 ann. Ó bhí an 15ú céad ann, tá fíonta ar a dtugtar 'Beaune', a tháirgtear iarbhír ar fud 'Côte', á ndíol ar fud na hEorpa. Ba iad 'íomhá bhranda' Dhiúcacht na Burgúine agus iad in ard a réime. Ní raibh ach na fíonta dearga láidre ísealtainnine sin, ar a dtugtar 'pinots vermeils' [pinots flanndearga] oiriúnach lena n-iompar. Tháinig fás ar fhíonshaothraithe ceannaithe sa réigiún san 18ú céad, rud a thug féiniúlacht nua d'fhíonta 'Bourgogne' agus a bhí ina chúis lena scaipeadh forleathan ar fud na hEorpa. Le linn na tréimhse sin, i mbardas Nuits, cruthaíodh tithe na gceannaithe a mhúnlódh stair fíonsaothrúcháin an réigiúin. Bunaíodh Nuits ansin mar an dara lárionad trádála fíona de chuid na Burgúine, ar fhánaí Beaune. Sholáthair 'Côte' 'fíonta fíneálta' do thithe na gceannaithe, a raibh sciar mór den mhargadh acu. In 1892, mar chomhartha d'íomhá sheanbhunaithe sármhaitheasa, chuir bardas Nuits ainm a 'cru' is mó le rá lena ainm féin, agus rinneadh Nuits-Saint-Georges de. In 1934, bunaíodh teorainneacha geografacha an ainmniúcháin tionscnaimh 'Nuits-Saint-Georges' le rialú ó chúirt shibhialta Beaune. Ar bhonn an rialaithe sin, aithníodh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Nuits-Saint-Georges' a bhí ann an tráth sin le hordú an 11 Meán Fómhair 1936. Tá staidéar forleathan déanta ar fhíonghoirt agus ar na tosca a chuir lena gcáilíocht ón 18ú haois, agus tharraing go leor údar aicmithe suas le haghaidh 'crus' na Burgúine. Ba é an toradh a bhí ar an obair sin ná an t-aicmiú a rinne Coiste Fíonsaothrúcháin Chontae Beaune in 1860. I gcás gach bardais a scrúdaíodh, rinneadh gach 'climat' [fíonghort] (ainm 'lieu-dit' [dáileacht talún] de ghnáth) inar cuireadh 'cineál galánta' a aicmiú ar scála cáilíochta. In 1943, aithníodh liosta de 'climats' incháilithe chun an téarma 'premier cru' a úsáid le haghaidh Nuits-Saint-George. Ba iad sin na 'crus' ba mhó a raibh meas orthu, a sainaithníodh go háirithe in 1860. Is é Pinot Noir N an príomhchineál fíniúna a fhástar sna fíonghoirt. Mar sin féin, tá Chardonnay B ann freisin ach níl ann ach 2 % de na fíonchaora a fhástar, a bhailítear go príomha i limistéar Premeaux-Prissey. Treoraítear na fíniúnacha i gcomhréir leis na cleachtais atá ann faoi láthair ar fud réigiún 'Côte', go háirithe agus dlús plandaithe is mó ná 9 000 planda in aghaidh an heicteáir ann. Tá táirgeoirí ar an eolas faoi leochaileacht a n-ithreacha i leith creimthe agus glacann siad an-chúram chun sláine na hithreach a chaomhnú. De réir traidisiúin, déantar na

fíonta a aibiú san fhíonlann, rud a thugann cáilíochtaí coinneála maithe dóibh, ag brath ar shaintréithe bhliain an fhíona agus an 'climat' araon. In 2009, chumhdaigh na fíonghoirt achar thart ar 300 heicteár, ar aicmíodh 148 díobh mar 'premier cru'. Ba é 13 400 heictilítear an meánmhéid táirgeachta bliantúil. Níl i dtáirgeadh fíona ghil ach thart ar 300 heictilítear as 6 heicteár. Díolann na táirgeoirí thart ar dhá thrian de na fíonta.

c) *Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge*

Tá dath dian glé corcra ar na fíonta dearga. Agus iad óg, is iondúil go gcuireann siad siollaí silíní, sútha talún agus cuiríní dubha in iúl. De réir mar a aibíonn siad, faigheann siad maothlachas céadfach beachtaithe, cosúil leis na táirgeoirí a dhéanann iad. Is minic a chuireann leathar, strufal, fionnadh agus géim lena ndea-bholaithe. Saintréith d'fhíonta ar a bhfuil an téarma 'premier cru' is ea a gcumhacht agus a struchtúr tainneach ollmhór. Forbraíonn siad thar thréimhse fhada sa bhuidéal agus is féidir leo aosú go mór. Tá na fíonta geala cothrom agus flaithiúil, agus tá galántacht mhór mar shaintréith acu.

d) *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Tá bardas Nuits-Saint Georges, atá suite i gcroílár fhíonghoirt Côte de Nuits, tiomanta go hiomlán do ghnó fíonta fíneálta sa Bhurgúin. Comhcheanglaíonn sé a stádas mar phríomhchathair Côte de Nuits le gradam a fhíonghort. Síneann na fíonghoirt sin thar fhána leathan a bhfuil a aghaidh soir agus thar a bhunchnoic. Eascraíonn flúirse solais agus téamh luath na n-ithreacha as an tírdhreach sin. Bíonn ceocháin mhaidine ar an machaire go minic, ach ní shroicheann siad na limistéir níos airde. Soláthraíonn substráit aolchloiche na fána agus substráit a bunchnoic den chuid is mó draenáil éifeachtach agus torthúlacht mheasartha ithreach. Cuireann an socrú seo príomhshuíomh ar fáil inar féidir leis an gcineál Pinot Noir N, cineál áitiúil, a acmhainneacht a léiriú go hiomlán. Tugann an mhéisea-aeráid the agus torthúlacht mheasartha ithreach sin cothromaíocht agus tiúchan do na fíonta dearga atá le feiceáil i bhfad an raoin dea-bholaithe casta atá ag forbairt. Is de thionscnamh na Burgúine é Chardonnay B freisin agus tá sé an-oiriúnach d'áiteanna áirithe ina bhfuil ithreacha níos mó marlaí. Caomhnaíonn an t-aibiú go leor den aigéadacht chun galántacht agus fad saoil a thabhairt do na fíonta geala. Tá sé d'aidhm ag táirgeoirí aird a tharraingt ar shaintréithe sonracha thimpeallacht nádúrtha 'Nuits-Saint-Georges' agus tá sé beartaithe lena gcleachtais, san fhíonghort agus san fhíonlann araon, an acmhainneacht sin a bhaint amach. Dlús plandaithe ard, rialú táirgeachta, buaint chúramach: forlíontar iad sin le teicnící fíonóireachta traidisiúnta agus le haibiú fada san fhíonlann. Mar thoradh ar an tír-raon, ar an éagsúlacht gheolaíoch agus ar éagsúlacht na n-ithreacha a tháinig chun cinn, bíonn réimse leathan miondifríochtaí le brath ar na fíonta, rud a spreag glúnta de tháirgeoirí le fada chun idirdhealú a dhéanamh idir na 'climats' atá sa limistéar fíonsaothrúcháin. Ba ghnáthchleachtas é lipéid a chur ar bhuidéil ar a luaitear ainm an 'climat' as ar tháinig na fíonchaora. Ina theannta sin, leis an téarma 'premier cru' bhíothas in ann tosaíocht a thabhairt do na 'climats' is cáiliúla, a raibh cáil orthu go minic ó bhí an chianaois ann. In 1816, luaigh Jullien 'lieu-dit' 'Saint-Georges', i mbardas Nuits-Saint-George, mar aon le 'Clos de Premeau' mar an chéad aicme, agus an chuid eile de na fíonghoirt sa dá bhardas mar an dara haicme. In 1860, d'aicmigh Coiste Fíonsaothrúcháin Cheantar Beaune thart ar 300 heicteár mar 'fhíonghoirt fíona fíneálta', sa dá bhardas, ar aicmíodh 100,53 heicteár díobh mar an 'chéad aicme'. Bhí an t-aicmiú sin ina threoraíocht chun *climats* a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin a aithint mar 'premier cru'. In 1934, tréimhse ina raibh trioblóidí eacnamaíocha móra sa Bhurgúin, tháinig roinnt táirgeoirí ó Nuits le chéile chun 'Confrérie des Chevaliers du Tastevin' a chruthú [Bráithreachas ridirí an chupáin blaiste]. Bhí sé d'aidhm ag an gcomhlachas sin, fréamhshamhail de bhráithreachas a bhaineann le fíon, fíonta na Burgúine a chur chun cinn agus a scaipeadh ar fud an domhain. Tá a cheanncheathrú lasmuigh den chathair anois, in Château du Clos de Vougeot. D'éirigh leis an mbráithreachas an íomhá iomráiteach d'fhíonta na Burgúine a bhuanú, agus thairbhigh fíonta 'Nuits-Saint-Georges' dá n-iarrachtaí. Tá cáil ar fhíonta 'Nuits-Saint-Georges' ó dhoimhneachtaí na n-aigéan an bealach ar fad go dtí an ghealach! Go deimhin, in 1971, le linn mhisean Apollo 15 cuireadh lipéad 'Nuits-Saint-Georges', den cuvée 'Terre-Lune' síos agus tugadh 'Crater Saint-Georges' ar dhuine de na cráitéir ghealaí. Is é an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Nuits-Saint-Georges' ceannródaí an fhomhuireáin núicléach 'Le Rubis' freisin. Tá cáil idirnáisiúnta ar fhíonta dearga 'Nuits-Saints-Georges'.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Féadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh leis an téarma ‘premier cru’ i gcás fíonta a chomhlíonann na coinníollacha táirgeachta a leagtar síos le haghaidh an téarma sin.

Féadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh leis an téarma ‘premier cru’ agus ainm ceann de na *climats* a liostaítear thíos a chur ina dhiaidh i gcás fíonta a chomhlíonann na coinníollacha táirgeachta a leagtar síos le haghaidh an téarma ‘premier cru’.

Féadfar ainm ceann de na *climats* a liostaítear thíos a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint i gcás fíonta a chomhlíonann na coinníollacha táirgeachta a leagtar síos le haghaidh an téarma ‘premier cru’.

Liosta *climats*:

— ‘Aux Argillas’

— ‘Aux Boudots’

— ‘Aux Bousselots’

— ‘Aux Chaignots’

— ‘Aux Champs Perdrix’

— ‘Aux Cras’

— ‘Aux Murgers’

— ‘Aux Perdrix’

— ‘Aux Thorey’

— ‘Aux Vignerondes’

— ‘Chaines Carteaux’

— ‘Château Gris’

— ‘Clos Arlot’

— ‘Clos de la Maréchale’

— ‘Clos des Argillières’

— ‘Clos des Corvées’

— ‘Clos des Corvées Pagets’

— ‘Clos des Forêts Saint-Georges’

— ‘Clos des Grandes Vignes’

— ‘Clos des Porrets-Saint-Georges’

— ‘Clos Saint-Marc’

— ‘En la Perrière Noblot’

— ‘La Richemone’

— ‘Les Argillières’

— ‘Les Cailles’

— ‘Les Chabœufs’

— ‘Les Crots’

— ‘Les Damodes’

— ‘Les Didiers’

— ‘Les Hauts Pruliers’

— ‘Les Perrières’

— ‘Les Porrets-Saint-Georges’

— ‘Les Poulettes’

— ‘Les Procès’

— ‘Les Pruliers’

— ‘Les Saints-Georges’

— ‘Les Terres Blanches’

— ‘Les Vallerots’

— ‘Les Vaucrains’

— ‘Roncière’

— ‘Rue de Chaux’

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:

— Roinn Côte-d’Or: Agencourt, Aloxe-Corton, Ancey, Arcenant, Argilly, Autricourt, Auxey-Duresses, Baubigny, Beaune, Belan-sur-Ource, Bévy, Bissey-la-Côte, Bligny-lès-Beaune, Boncourt-le-Bois, Bouix, Bouze-lès-Beaune, Brion-sur-Ource, Brochon, Cérilly, Chamboeuf, Chambolle-Musigny, Channay, Charrey-sur-Seine, Chassagne-Montrachet, Châtillon-sur-Seine, Chaumont-le-Bois, Chaux, Chenôve, Chevannes, Chorey-lès-Beaune, Collonges-lès-Bevy, Combertault, Comblanchien, Corcelles-les-Arts, Corcelles-les-Monts, Corgoloin, Cormot-Vauchignon, Corpeau, Couchey, Curley, Curtil-Vergy, Daix, Dijon, Ebaty, Echevronne, Epernay-sous-Gevrey, Etrochey, Fixin, Flagey-Echézeaux, Flavignerot, Fleurey-sur-Ouche, Fussey, Gerland, Gevrey-Chambertin, Gilly-lès-Citeaux, Gomméville, Grancey-sur-Ource, Griselles, La-Rochepot, Ladoix-Serrigny, Lantenay, Larrey, L’Etang-Vergy, Levernois, Magny-lès-Villers, Mâlain, Marcenay, Marey-lès-Fussey, Marsannay-la-Côte, Massingy, Mavilly-Mandelot, Meloisey, Merceuil, Messanges, Meuilley, Meursanges, Meursault, Molesme, Montagny-lès-Beaune, Monthelie, Montliot-et-Courcelles, Morey-Saint-Denis, Mosson, Nantoux, Nicey, Noiron-sur-Seine, Nolay, Obtrée, Pernand-Vergelesses, Perrigny-lès-Dijon, Plombières-lès-Dijon, Poincon-lès-Larrey, Pommard, Pothières, Prusly-sur-Ource, Puligny-Montrachet, Quincey, Reulle-Vergy, Ruffey-lès-Beaune, Saint-Aubin, Saint-Bernard, Sainte-Colombe-sur-Seine, Sainte-Marie-la-Blanche, Saint-Philibert, Saint-Romain, Santenay, Savigny-lès-Beaune, Segrois, Tailly, Talant, Thoires, Valforêt (sa chuid den chríoch a chomhfhreagraíonn d’iarbhardas Clémencey), Vannaire, Velars-sur-Ouche, Vertault, Vignoles, Villars-Fontaine, Villebichot, Villedieu, Villers-la-Faye, Villers-Patras, Villy-le-Moutier, Vix, Volnay, Vosne-Romanée agus Vougeot;

— Roinn Rhône: Alix, Anse, Arnas, Bagnols, Beaujeu, Belleville-en-Beaujolais, Belmont-d'Azergues, Blacé, Bully, Cercié, Chambost-Allières, Chamelet, Charentay, Charnay, Châtillon, Chazay-d'Azergues, Chénas, Chessy, Chiroubles, Cogny, Corcelles-en-Beaujolais, Denicé, Dracé, Emeringes, Fleurie, Frontenas, Gleizé, Juliénas, Jullié, L'Arbresle, Lacenas, Lachassagne, Lancié, Lantignié, Le Breuil, Le Perréon, Légny, Les Ardillats, Létra, Limas, Lozanne, Lucenay, Marchampt, Marcy, Moiré, Montmelas-Saint-Sorlin, Morancé, Odenas, Pommiers, Porte des Pierres Dorées, Quincié-en-Beaujolais, Régnié-Durette, Rivolet, Saint-Etienne-des-Oullières, Saint-Georges-de-Reneins, Saint-Germain-Nuelles, Saint-Vérand, Saint-Clément-sur-Valsonne, Saint-Cyr-le-Chatoux, Saint-Didier-sur-Beaujeu, Sainte-Paule, Saint-Etienne-la-Varenne, Saint-Jean-des-Vignes, Saint-Julien, Saint-Just-d'Avray, Saint-Lager, Saint-Romain-de-Popey, Salles-Arbuissonnas-en-Beaujolais, Sarcey, Taponas, Ternand, Theizé, Val-d'Oingt, Vaux-en-Beaujolais, Vauxrenard, Vernay, Ville-sur-Jarnioux, Villefranche, Villié-Morgon and Vindry-sur-Turdine (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Dareizé, Les Olmes agus Saint-Loup);

— Roinn Saône-et-Loire: Aluze, Ameugny, Azé, Barizey, Beaumont-sur-Grosne, Berzé-la-Ville, Berzé-le-Châtel, Bissey-sous-Cruchaud, Bissy-la-Mâconnaise, Bissy-sous-Uxelles, Bissy-sur-Fley, Blanot, Bonnay-Saint-Ythaire, Bouzeron, Boyer, Bray, Bresse-sur-Grosne, Burgy, Burnand, Bussières, Buxy, Cersot, Chagny, Chaintré, Châlon-sur-Saône, Chamilly, Champagny-sous-Uxelles, Champforgeuil, Chânes, Change, Chapaize, La Chapelle-de-Bragny, La Chapelle-de-Guinchay, La Chapelle-sous-Brancion, Charbonnières, Chardonnay, La Charmée, Charnay-lès-Mâcon, Charrecey, Chasselas, Chassey-le-Camp, Château, Châtenoy-le-Royal, Chaudenay, Cheilly-lès-Maranges, Chenôves, Chevagny-les-Chevrières, Chissey-lès-Mâcon, Clessé, Cluny, Cormatin, Cortambert, Cortevaix, Couches, Crèches-sur-Saône, Créot, Cruzille, Culles-les-Roches, Curtil-sous-Burnand, Davayé, Demigny, Dennevy, Dezize-lès-Maranges, Donzy-le-Pertuis, Dracy-lès-Couches, Dracy-le-Fort, Epertully, Etrigny, Farges-lès-Chalon, Farges-lès-Macon, Flagy, Fleurville, Fley, Fontaines, Fragnes-la-Loyère (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardas La Loyère), Fuissé, Genouilly, Germagny, Givry, Granges, Grévilly, Hurigny, Igé, Jalogny, Jambles, Jugy, Jully-lès-Buxy, La Vineuse-sur-Frégande (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Donzy-le-National, La Vineuse agus Massy), Lacrost, Laives, Laizé, Lalheue, Leynes, Lournand, Lugny, Mâcon, Malay, Mancey, Martailly-lès-Brancion, Massilly, Mellecey, Mercurey, Messey-sur-Grosne, Milly-Lamartine, Montagny-lès-Buxy, Montbellet, Montceaux-Ragny, Moroges, Nanton, Ozenay, Paris-l'Hôpital, Péronne, Pierreclos, Plottes, Préty, Prissé, Pruzilly, Remigny, La Roche-Vineuse, Romanèche-Thorins, Rosey, Royer, Rully, Saint-Jean-de-Trézy, Saint-Albain, Saint-Ambreuil, Saint-Amour-Bellevue, Saint-Boil, Saint-Clément-sur-Guye, Saint-Denis-de-Vaux, Saint-Désert, Saint-Gengoux-de-Scissé, Saint-Gengoux-le-National, Saint-Germain-lès-Buxy, Saint-Gervais-sur-Couches, Saint-Gilles, Saint-Jean-de-Vaux, Saint-Léger-sur-Dheune, Saint-Mard-de-Vaux, Saint-Martin-Belle-Roche, Saint-Martin-du-Tartre, Saint-Martin-sous-Montaigu, Saint-Maurice-de-Satonnay, Saint-Maurice-des-Champs, Saint-Rémy, Saint-Sernin-du-Plain, Saint-Vallerin, Saint-Vérand, Saisy, La Salle, Salornay-sur-Guye, Sampigny-lès-Maranges, Sancé, Santilly, Sassangy, Saules, Savigny-sur-Grosne, Sennecey-le-Grand, Senozan, Sercy, Serrières, Sigy-le-Châtel, Sologny, Solutré-Pouilly, Saint-Maurice-lès-Couches, Saint-Pierre-de-Varennes, Saint-Symphorien-d'Ancelles, Taizé, Tournus, Uchizy, Varennes-lès-Mâcon, Vaux-en-Pré, Vergisson, Vers, Verzé, Le Villars, Vinzelles agus Viré;

— Roinn Yonne: Aigremont, Annay-sur-Serein, Arcy-sur-Cure, Asquins, Augy, Auxerre, Avallon, Bazarnes, Beine, Bernouil, Béru, Bessy-sur-Cure, Bleigny-le-Carreau, Censy, Chablis, Champlay, Champs-sur-Yonne, Chamvres, Charentenay, Châtel-Gérard, Chemilly-sur-Serein, Cheney, Chevannes, Chichée, Chitry, Collan, Coulangeron, Coulanges-la-Vineuse, Courgis, Cruzy-le-Châtel, Dannemoine, Deux-Rivières, Dyé, Epineuil, Escamps, Escolives-Sainte-Camille, Fleys, Fontenay-près-Chablis, Gy-l'Evêque, Héry, Irancy, Island, Joigny, Jouancy, Junay, Jussy, La-Chapelle-Vaupelteigne, Lichères-près-Aigremont, Lignorelles, Ligny-le-Châtel, Lucy-sur-Cure, Maligny, Mélisey, Merry-Sec, Migé, Molay, Molosmes, Montholon (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Champvallon, Villiers-sur-Tholon agus Volgré), Montigny-la-Resle, Mouffy, Moulins-en-Tonnerrois, Nitry, Noyers, Ouanne, Paroy-sur-Tholon, Pasilly, Pierre-Perthuis, Poilly-sur-Serein, Pontigny, Préhy, Quenne, Roffey, Rouvray, Saint-Père, Sainte-Pallaye, Sarry, Senan, Serrigny, Saint-Bris-le-Vineux, Saint-Cyr-les-Colons, Sainte-Vertu, Tharoiseau, Tissey, Tonnerre, Tronchoy, Val-de-Mercy, Vallan, Venouse, Venoy, Vermenton, Vézannes, Vézelay, Vézinnes, Villeneuve-Saint-Salves, Villy, Vincelles, Vincelottes, Viviers agus Yrouerre.

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

(a) Féadfar ainm an *climat* is féidir a nascadh leis an téarma 'premier cru', a chur díreach i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus féadfar é a phriontáil i litreacha nach mó, ar airde ná ar leithead, ná na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

(b) I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar ainm an aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is ainm 'lieu-dit' sa chlár talún é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Ní mór ainm an 'lieu-dit' mar atá liostaithe sa chlár talún a phriontáil i litreacha nach mó, ar airde ná ar leithead, ná leath mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

(c) Fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfaidh siad an t-aonad geografach níos mó 'Vin de Bourgogne' nó 'Grand Vin de Bourgogne' a shonrú ar a lipéid.

(d) I gcás ina sonraítear ar an lipéadú é, níor cheart an cineál fíniúna a bheith le feiceáil sa réimse radhairc céanna leis na míreanna éigeantacha ná níor cheart é a phriontáil i litreacha atá níos mó ná 2 mm.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-b1623bde-4ee9-46cb-806e-556ec29a84a4